Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2022**

**CM 3270/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0130(COD)**

**CODEC**
**COPEN**
**EUROJUST**
**JAI**
**PROCED**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | luca.salini@consilium.europa.eu<br>codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 89 20 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú in Eurojust ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh agus le coireanna coiriúla gaolmhara<br>An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh:<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 CFAE maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) an 25 Bealtaine 2022 an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl:

1) an aontaíonn sibh le glacadh an dréachtrialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú in Eurojust ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh agus le coireanna coiriúla gaolmhara, mar a leagtar amach in PE-CONS 18/22 iad[1].

Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.

2) an aontaíonn sibh maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise phráinn an ábhair mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.

Is tráth a fhreagraítear an nós imeachta i scríbhinn seo ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh.

Ní mór na freagraí ar an dá cheist a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle (codecision.adoption@consilium.europa.eu) a luaithe is féidir agus faoi **17.00 (am na Bruiséile), Dé Céadaoin an 25 Bealtaine 2022**, ar a dhéanaí.

---

[1] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.